Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Márta 2017**
**(OR. en)**

**7339/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0238 (COD)**

**PECHE 106**
**CODEC 399**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11636/16 + ADD 1, 2 PECHE 293 CODEC 1142 IA 62 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle<br>- Togra comhréitigh ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí leis seo leagan comhréitigh na hUachtaránachta den togra thuas.

Déanfar na haithrisí a scrúdú agus a leasú dá réir ag céim níos déanaí.

Ag brath ar an toradh a bheidh ar an bplé ar an dréacht-Rialachán maidir le Bearta Teicniúla, féadfaidh sé gur gá foráil bhreise lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 850/98[1] ón gComhairle a chur isteach sa Rialachán seo sula nglacfar go críochnaitheach é, ionas gur féidir maolú ó Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn Airteagal 9.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle an 30 Márta 1998 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú trí bhearta teicniúla chun óg-orgánaigh mhuirí a chosaint IO L 125, 27.4.1998, lch. 1-36.

(...)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

**Dréacht**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill áirithe sa Mhuir Thuaidh, agus sna huiscí máguaird, agus don iascach ina saothraítear na stoic sin, agus lena sonrófar mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus in uiscí uile eile an Aontais agus in uiscí nach uiscí den Aontas iad agus nach bhfuil faoi réir flaithiúnas nó faoi réir dlínse tríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle**

# CAIBIDIL I
# ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Bunaítear, leis an Rialachán seo, plean ilbhliantúil ("plean") i dtaca leis na stoic ghrinnill **seo a leanas** in [...] uiscí an Aontais sa **[...] Mhuir Thuaidh (ina bhfuil limistéir CITM IIa, IIIa agus IV agus sna huiscí máguaird** agus san iascach ina saothraítear **na** stoic **[...] lena mbaineann**:

**(a) Trosc (*Gadus morhua*) i bhFolimistéar IV agus i Muircheantair VIId agus IIIa Thiar (An Mhuir Thuaidh, Muir nIocht, Skagerrak), dá ngairtear trosc Mara Thuaidh anseo feasta;**

**(b) Cadóg (*Melanogrammus aeglefinus*) i bhFolimistéar IV agus Muircheantair VIa agus IIIa Thiar (An Mhuir Thuaidh, muir thiar na hAlban, Skagerrak) dá ngairtear cadóg anseo feasta;**

**(c) Leathóg (*Pleuronectes platessa*) i bhFolimistéar IV (An Mhuir Thuaidh) agus Muircheantar IIIa (Skagerrak), dá ngairtear leathóg Mara Thuaidh anseo feasta;**

**(d) Glasán (*Pollachius virens*) i bhFolimistéir IV agus VI agus Muircheantar IIIa (An Mhuir Thuaidh, Rocal agus muir thiar na hAlban, Skagerrak agus Kattegat), dá ngairtear glasán anseo feasta;**

**(e) Sól (*Solea solea*) i bhFolimistéar IV (An Mhuir Thuaidh), dá ngairtear sól Mara Thuaidh anseo feasta;**

**(f) Sól (*Solea solea*) i Muircheantar IIIa agus i bhFolimistéir 22–24 (Skagerrak agus Kattegat, Muir Bhailt Thiar), dá ngairtear sól Kattegat anseo feasta;**

**(g) Faoitín (*Merlangius merlangus*) i bhFolimistéar IV agus i Muircheantar VIId (An Mhuir Thuaidh, Oirthear Mara Iocht), dá ngairtear faoitín Mara Thuaidh anseo feasta;**

**(x) Láimhíneach (*Lophius piscatorius*) i Muircheantar IIIa (Skagerrak agus Kattegat) agus i bhFolimistéir IV (An Mhuir Thuaidh) agus VI (muir thiar na hAlban agus Rocal);**

**(x) Séacla Artach (*Pandalus borealis*) i Muircheantair IVa Thoir agus IIIa;**

**(x) Gliomach na hIorua i Muircheantar IIIa (AF 3-4);**

**(x) Gliomach na hIorua i bhFolimistéar IV (An Mhuir Thuaidh) de réir AF:**

- **Gliomach na hIorua in Botney Gut-Silver Pit (AF 5);**
- **Gliomach na hIorua in Farn Deeps (AF 6);**
- **Gliomach na hIorua in Fladen Ground (AF 7);**
- **Gliomach na hIorua i Linne Foirthe (AF 8);**
- **Gliomach na hIorua i Linne Mhoireibh (AF 9);**
- **Gliomach na hIorua in Noup (AF 10);**
- **Gliomach na hIorua in Norwegian Deeps (AF 32);**
- **Gliomach na hIorua in Horn's Reef (FU 33);**
- **Gliomach na hIorua in Devil's Hole (FU 34).**

**2.[...]**

**x. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le fo-ghabhálacha a ghabhtar nuair a bheifear ag iascaireacht do na stoic a shainaithnítear i mír 1.**

**xx. Leis an Rialachán seo freisin, sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leis na speicis ar fad dá bhforáiltear in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 (seachas na stoic atá sainaitheanta cheana féin i míreanna 1 agus x den Airteagal seo.)**

**xxx. Más rud é, ar bhonn comhairle eolaíoch, nó ar bhonn iarraidh ó na Ballstáit lena mbaineann, go measann an Coimisiún gur gá an liosta a luaitear i mír 1 a leasú, féadfaidh an Coimisiún togra a chur isteach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta sin.**

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 850/98 ón gComhairle, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "stoic ghrinnill" na speicis sin d'iasc cruinn agus d'iasc leathógach**, [...] gliomach na hIorua agus séacla Artach** a mhaireann ar ghrinneall an cholúin uisce nó i ngar dó.

(2) Ciallaíonn "Grúpa 1" stoic ghrinnill dá mbunaítear sa phlean seo spriocanna mar raonta FUTI agus coimircí arna gceangal le bithmhais, **mar a shainaitheantar in Iarscríbhinní I agus II. [...]:**

**(a) [...]**

**(b) [...]**

**(c) [...]**

**(d) [...]**

**[...](e) [...]**

**(f) [...]**

**(g) [...]**

(3) Ciallaíonn "Grúpa 2" aonaid fheidhmiúla (AF) sin ghliomach na hIorua (*Nephrops norvegicus*) dá mbunaítear sa phlean seo spriocanna mar raonta FUTI agus coimircí arna gceangal leis an bhflúirse, **[...] mar a shainaitheantar in Iarscríbhinní I agus II.**

***(i) [...]***

***(ii) [...]***

**(4) [...]**

**(5) [...]**

**(6) [...]**

**(7) [...]**

**(8)** **[...]**

(9) ciallaíonn "an ghabháil iomlán is incheadaithe" (TAC) líon gach stoic ar ceadmhach a ghabháil in imeacht bliana.

(10) Ciallaíonn "UTI Bspreagphointe" an pointe tagartha bithmhaise stoc sceite is ísle ar faoina bhun ba cheart gur thrúig le gníomhaíocht shonrach agus iomchuí bainistíochta d'fhonn a áirithiú go dtugann na rátaí saothraithe i dteannta athruithe nádúrtha na stoic go leibhéal is airde ná na leibhéil sin arb acmhainn dóibh an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh san fhadtéarma.

# CAIBIDIL II
# CUSPÓIRÍ

*Airteagal 3*

**Cuspóirí**

1. Beidh an plean ina chuidiú le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh a liostaítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a bhaint amach, go háirithe tríd an gcur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm i leith bainistiú iascaigh, agus é d'aidhm aige a áirithiú go ndéanfaidh saothrú bheo-acmhainní bitheolaíocha na mara líon na speiceas atá á saothrú a athbhunú agus a choinneáil ar bun ag leibhéil lenar féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach.

2. Cuideoidh an plean le deireadh a chur le haischur i bhfarraige, trí ghabhálacha neamhbheartaithe a sheachaint agus a laghdú, a mhéid is féidir; cuideoidh sé freisin le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a bunaíodh in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i gcás na stoc atá faoi réir teorainneacha gabhála a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

3. Cuirfidh an plean cur chuige chun feidhme i dtaca le bainistiú iascaigh, a bheidh bunaithe ar éiceachórais, chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha gníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara a laghdú oiread agus is féidir. Beidh sé i gcomhréir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, go háirithe maidir leis an gcuspóir dea-stádas comhshaoil a bhaint amach faoi 2020 mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE.

4. Go háirithe, beidh sé d'aidhm ag an bplean:

(a) a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha a thuairiscítear i dtuairisceoir 3 atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/56/CE; agus

(b) cuidiú le comhlíonadh na dtuairisceoirí ábhartha eile atá in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/56.CE i gcomhréir leis an ról atá ag an iascach ina gcomhlíonadh.

**x. Déanfar bearta faoin bplean i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil.**

# CAIBIDIL III

# SPRIOCANNA

*Airteagal 4*

**Spriocanna do Ghrúpa 1 agus do Ghrúpa 2**

1. Bainfear amach, a luaithe is féidir, an spriocbhásmhaireacht iascaireachta – bainfear amach í ar bhonn forchéimneach incriminteach faoi 2020 do stoic na nGrúpaí 1 agus 2 – agus coinneofar ar bun í uaidh sin amach laistigh de na raonta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

2. I gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh deiseanna iascaireachta i gcomhréir leis na spriocraonta básmhaireachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Colún A, a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfar deiseanna iascaireachta a shocrú ar leibhéil a chomhfhreagraíonn do leibhéil bhásmhaireachta iascaireachta is ísle ná iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I, colún A.

4. D'ainneoin mhír 2 agus mhír 3, féadfar deiseanna iascaireachta a shocrú don stoc de réir na raonta básmhaireachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, colún B, ar choinníoll go bhfuil an stoc lena mbaineann os cionn na bpointí tagartha bithmhaise sceite íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II, colún A:

(a) más rud é, ar bhonn comhairle nó fianaise eolaíoch, gur gá sin chun na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 i dtaca leis an iascach measctha a shroicheadh;

(b) más rud é, ar bhonn comhairle nó fianaise eolaíoch, gur gá sin chun díobháil thromchúiseach a dhéanfadh dinimic stoic ion-speiceas nó idir-speiceas don stoc a sheachaint; nó

(c) chun athruithe i ndeiseanna iascaireachta ó bhliain go bliain a theorannú go leibhéal nach mó ná 20 %.

**x. I gcás, ar bhonn comhairle eolaíoch, ina measann an Coimisiún nach léiríonn na raonta básmhaireachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I cuspóirí an phlean sin i gceart a thuilleadh, féadfaidh an Coimisiún mar ábhar práinne togra a thíolacadh le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na raonta sin.**

**xx. In aon chás, déanfar deiseanna iascaireachta a shocrú sa chaoi is go n-áiritheofar gur lú ná 5 % an dóchúlacht go dtifidh an bhithmhais stoic sceite faoin bpointe tagartha teorann do bhithmhais stoic sceite ($B_{lim}$) a leagtar amach go háirithe in Iarscríbhinn II, colún B.**

*Airteagal 5*

**[...] Bainistiú na stoc fo-ghabhála**

**1. [...]**

2. **[...] <u>Déanfar bearta bainistithe, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, deiseanna iascaireachta do na stoic dá dtagraítear in Airteagal 1 (x) a shocrú agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh agus i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.</u>**

**<u>x. I gcás inarb iomchuí, in iascach measctha, i gcomhréir le Airteagal 9(5) de Rialachán 1380/2013, d'fhéadfaí a chur san áireamh leis na bearta bainistithe sin an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc ag an am céanna ag an uastáirgeacht inbhuanaithe. I gcásanna den sórt sin, féadfar an cur chuige réamhchúraim a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na bearta a ndéantar cur síos orthu in Airteagal 9.</u>**

***Airteagal 6***

**[...]**

# CAIBIDIL IV
# COIMIRCÍ

*Airteagal 7*

**Pointí tagartha caomhnúcháin do Ghrúpaí 1 agus 2**

Leagtar amach in Iarscríbhinn II pointí tagartha caomhnúcháin d'fhonn acmhainn iomlán atáirgthe na stoc lena mbaineann a chosaint:

(a) an íos-bhithmhais sceite (UTI $B_{spreagphointe}$) do stoic éisc;

(b) an teorainn-bhithmhais sceite ($B_{teorainn}$) do stoic éisc;

(c) íosluach flúirse ($Flúirse_{maolánach}$) do ghliomach na hIorua;

(d) an teorainn-fhlúirse ($Flúirse_{teorainn}$) do ghliomach na hIorua.

*Airteagal 8*

**Coimircí do Ghrúpa 1 agus do Ghrúpa 2**

1. I gcás ina léiríonn comhairle eolaíoch gur ísle, i mbliain ar leith, ná an UTI $B_{spreagphointe}$ an bhithmhais sceite ag aon cheann de na stoic atá i nGrúpa 1 nó gur ísle ná an $Flúirse_{maolánach}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn II, colún A, flúirse aon cheann de na haonaid fheidhmiúla i nGrúpa 2, glacfar gach beart iomchuí ceartaitheach chun a áirithiú go bhfillfidh an stoc nó an t-aonad feidhmiúil atá i gceist ar leibhéal is airde ná na leibhéil sin arb acmhainn dóibh an uastáirgeacht inbhuanaithe a sholáthar. Go háirithe, de mhaolú ar Airteagal 4(2) – agus an laghdú ar an mbithmhais nó ar an bhflúirse á chur san áireamh – déanfar deiseanna iascaireachta a shocrú ag leibhéil a bheidh ag teacht le ráta básmhaireachta iascaireachta arna laghdú faoi bhun an raoin a leagtar síos in Iarscríbhinn I, colún **[...]** **<u>B</u>.**

2. I gcás ina léiríonn comhairle eolaíoch gur ísle ná $B_{teorainn}$, i mbliain ar leith, an bhithmhais sceite ag aon cheann de na stoic atá i gceist nó gur ísle ná an $Flúirse_{teorainn}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn II, colún B, a ghabhann leis an Rialachán seo, flúirse aon cheann d'aonaid fheidhmiúla ghliomach na hIorua, glacfar bearta ceartaitheacha breise d'fhonn a áirithiú go bhfillfidh an stoc nó an t-aonad feidhmiúil atá i gceist ar leibhéal is airde ná na leibhéil sin arb acmhainn dóibh an uastáirgeacht inbhuanaithe a sholáthar. Go háirithe, **<u>féadfaidh sé</u>** go n-áireofar **[...]** leis na bearta ceartaitheacha sin, de mhaolú ar mhír 2 agus ar mhír 4 d'Airteagal 4, spriociascaireacht an stoic **<u>nó an aonaid fheidhmiúil</u>** atá i gceist a chur ar fionraí agus deiseanna iascaireachta a laghdú go leordhóthanach.

**<u>x. Féadfar a áireamh i mbearta feabhais dá dtagraítear san Airteagal seo:</u>**

**(a) bearta an Choimisiúin i gcás bagairt thromchúiseach ar acmhainní bitheolaíocha na mara i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;**

**(b) bearta éigeandála na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;**

**(c) bearta de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 11 den Rialachán seo.**

**xx. Déanfar rogha na mbeart dá dtagraítear san Airteagal seo i gcomhréir le cineál, tromchúis, fad agus atriall na staide inar lú an bhithmhais stoic sceite ná na leibhéil a leagtar amach in Iarscríbhinn II.**

**xxx. I gcás, ar bhonn comhairle eolaíoch, ina measann an Coimisiún nach léiríonn na pointí tagartha caomhnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II cuspóirí an phlean i gceart a thuilleadh, féadfaidh an Coimisiún, mar ábhar práinne, togra a thíolacadh leis na pointí tagartha caomhnaithe sin a athbhreithniú.**

*Airteagal 9*

**Bearta sonracha caomhnaithe [...]**

I gcás ina léiríonn comhairle eolaíoch gur gá gníomhaíocht cheartaitheach chun aon cheann de na stoic ghrinnill **mar a shainaitheantar iad in Airteagal 1 (1) agus (x)** **[...]** a chaomhnú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo agus i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013**. D'fhéadfaí an Rialachán seo a fhorlíonadh leis na gníomhartha tarmligthe sin trí rialacha a leagan síos** maidir leis an méid a leanas:

(a) saintréithe trealaimh iascaireachta, go háirithe méid mogall, méid duáin, déanamh an trealaimh, tiús sreinge, méid an trealaimh nó úsáid feistí roghnaíochta, chun roghnaíocht a áirithiú nó a fheabhsú;

(b) úsáid trealaimh iascaireachta, go háirithe an t-achar a mbeidh sé ar maos, an doimhneacht ag a n-úsáidfear é, chun an roghnaíocht a áirithiú nó a fheabhsú;

(c) toirmeasc nó teorainn ar iascaireacht i limistéir shonracha chun cosaint a thabhairt d'éisc sceite agus d'éisc óga, d'éisc atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnúcháin nó do speicis nach spriocspeicis iad;

(d) toirmeasc nó teorannú ar iascaireacht nó úsáid cineálacha áirithe trealaimh iascaireachta i rith tréimhsí ama áirithe, chun iasc sceite nó iasc faoin íosmhéid tagartha caomhnaithe nó iasc nach spriocspeicis a chosaint;

(e) íosmhéideanna tagartha caomhnúcháin ar aidhm dóibh cosaint a áirithiú do na hóg-orgánaigh mhuirí;

(f) saintréithe eile a bhaineann leis an roghnaíocht.

*Airteagal 10*

**[...] <u>Deiseanna iascaireachta</u>**

**1. [...]. <u>Agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh á leithdháileadh ag na Ballstáit, cuirfidh siad an comhdhéanamh is dóchúla a bheidh ar ghabhálacha na soitheach atá rannpháirteach in iascach measctha san áireamh.</u>**

2. Gan dochar d'Airteagal 8, **<u>féadfar</u>** TAC an stoic sin de ghliomach na hIorua atá i muircheantair CITM IIa agus IV **[...]** a ríomh mar líon na dteorainneacha gabhála atá ag na haonaid fheidhmiúla arna suimiú leis na dronnuilleoga staidrimh sin atá lasmuigh de na haonaid fheidhmiúla.

# CAIBIDIL V
# FORÁLACHA ATÁ NASCTHA LEIS AN OIBLEAGÁÍD GABHÁLACHA A THABHAIRT I dTÍR

*Airteagal 11*

**Forálacha atá nasctha leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír [...]**

**[...]** Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013**.** **Maidir leis na stoic ghrinnill dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus (x), d'fhéadfadh na gníomhartha tarmligthe sin an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a leagan síos** maidir leis na nithe a leanas:

(a) díolúintí ó chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le speicis a léiríonn fianaise eolaíoch rátaí arda marthanais a bheith acu, agus saintréithe an trealaimh, na gcleachtas iascaireachta agus an éiceachórais á gcur san áireamh, chun go n-éascófar cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír; agus

(b) díolúintí de minimis chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a éascú; forálfar díolúintí de minimis den sórt sin i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 15(5)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach ansiúd;

(c) forálacha sonracha maidir le gabhálacha a dhoiciméadú, go háirithe chun críocha faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír; agus

(d) íosmhéideanna tagartha caomhnúcháin a shocrú ar aidhm dóibh cosaint a áirithiú do na hóg-orgánaigh mhuirí.

**x. Cuirfidh na bearta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.**

[*Caibidil VI Réigiúnú arna bhogadh i ndiaidh Airteagal xx3 lena áirithiú go mbeidh feidhm ag réigiúnú maidir leis na trí chumhachtú uile (Airteagal 9, Airteagal 11 agus Airteagal xx3)*]

# CAIBIDIL VII
# [...] ROCHTAIN AR UISCÍ AGUS AR ACMHAINNÍ

*Airteagal XX1*

**Údaruithe iascaireachta agus uasteorainneacha le haghaidh acmhainne**

**1. Le haghaidh gach ceann de limistéir CITM dá dtagraítear in Airteagal 1(1), eiseoidh gach Ballstát údaruithe iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle i gcás soithí a bhfuil bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu agus atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar sin. I gcás údaruithe iascaireachta den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit acmhainn iomlán soithí den sórt sin, arna sloinneadh in kW, a theorannú trí threalamh sonrach a úsáid.**

**2. Maidir le trosc i Muir nIocht Thoir (Muircheantar VIId de chuid CITM), gan dochar do na huasteorainneacha le haghaidh acmhainne a leagtar amach in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní mó acmhainn iomlán na soithí, arna sloinneadh in kW, ar eisíodh údaruithe iascaireachta dóibh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ná uasacmhainn na soithí a bhí gníomhach in 2006 nó in 2007 a bhfuil aon trealamh amháin acu seo a leanas á úsáid i limistéar CITM lena mbaineann:**

**(a) tráil ghrinnill agus báid saighne (OTB, OTT, PTB, SDN, SSC, SPR) a bhfuil a mogall:**
**(i) cothrom le 100 mm nó os a chionn;**
**(ii) cothrom le 70 mm nó os a chionn agus níos lú ná 100 mm;**
**(iii) cothrom le 16 mm nó os a chionn agus níos lú ná 32 mm;**

**(b) tráil bhíoma (TBB) a bhfuil a mogall:**

**(i) cothrom le 120 mm nó os a chionn;**

**(ii) cothrom le 80 mm nó os a chionn agus níos lú ná 120 mm;**

**(c) eangacha geolbhaigh, eangacha fostúcháin (GN);**

**(d) traimlí (GT);**

**(e) spiléir (LL).**

**3. Déanfaidh gach Ballstát liosta soithí a mbeidh an t-údarú iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 acu a bhunú agus a chothabháil agus cuirfidh siad ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit eile ar shuíomh gréasáin oifigiúil an Bhallstáit é.**

*Airteagal 13*

*[...]*

*Airteagal 14*

[...]

**2.[...]**

**(a) [...]**

**(b) [...]**

**(c) [...]**

**(d) [...]**

*Airteagal 15*

**[...]**

*Airteagal 16*

**[...]**

**(a) [...]**

**(b) [...]**

**(c) [...]**

**(d) [...]**

# <u>CAIBIDIL XX1</u>
# <u>STOC AR LEAS COITEANN É A BHAINISTIÚ</u>

***<u>Airteagal XX2</u>***

**<u>Prionsabail agus cuspóirí a bhaineann le stoic a bhainistiú ar leas coiteann don Aontas agus do thríú tíortha iad</u>**

**<u>Nuair a shaothraíonn tríú tíortha stoic ar leas coiteann iad freisin, oibreoidh an tAontas i gcomhar leis na tríú tíortha sin lena áirithiú go mbainistítear na stoic sin ar bhealach inbhuanaithe atá comhsheasmhach leis an Rialachán seo, agus leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3. I gcás nach dtagtar ar chomhaontú foirmiúil, déanfaidh an tAontas gach iarracht socruithe coitinne a bhaint amach chun iascaireacht a dhéanamh ar stoic den sórt sin ionas go bhféadfaí bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh agus cothroime iomaíochta a chur chun cinn d'oibreoirí an Aontais ar an gcaoi sin.</u>**

# CAIBIDIL VIII
# GNÍOMHAÍOCHT LEANTACH

*Airteagal 17*

**Meastóireacht ar an bplean**

Tráth nach déanaí ná cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar meastóireacht ar thionchar an phlean ar na stoic sin a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ina leith agus ar an iascach a shaothraíonn na stoic sin. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle. **Féadfaidh an Coimisiún tuarascáil a dhéanamh ag dáta níos luaithe má mheasann gach Ballstát lena mbaineann nó an Coimisiún féin gur gá sin.**

# **CAIBIDIL XX2**

# **MIONSONRAÍ I dTAOBH CHUR CHUN FEIDHME NA hOIBLEAGÁIDE GABHÁLACHA A THABHAIRT I dTÍR SA MHUIR THUAIDH AGUS IN UISCÍ UILE EILE AN AONTAIS AGUS IN UISCÍ TAOBH AMUIGH DEN AONTAS NACH bhFUIL FAOI RÉIR CEANNASACHT NÁ DLÍNSE TRÍÚ TÍORTHA**

*Airteagal XX3*

**Forálacha atá nasctha leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus in uiscí uile eile an Aontais agus in uiscí taobh amuigh den Aontas nach bhfuil faoi réir ceannasacht ná dlínse tríú tíortha**

**1. In Airteagal 15(1) de Rialachán 1380/2013 bunaítear oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh na ngabhálacha uile de speicis áirithe in iascach áirithe agus i limistéir gheografacha áirithe. Gan dochar d'Airteagal 15(6) de Rialachán 1380/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 denRialachán seo agus i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Féadfar an Rialachán seo a fhorlíonadh le gníomhartha tarmligthe den sórt sin le haghaidh na speiceas agus na limistéar dá dtagraítear in Airteagal 1(xxx) den Rialachán seo trí rialacha a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas:**

**(a) díolúintí ó chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le speicis a léiríonn fianaise eolaíoch rátaí arda marthanais a bheith acu, agus saintréithe an trealaimh, na gcleachtas iascaireachta agus an éiceachórais á gcur san áireamh, chun go n-éascófar cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír; agus**

**(b) díolúintí *de minimis* chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a éascú; forálfar díolúintí *de minimis* den sórt sin i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 15(5)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach ann;**

**(c) forálacha sonracha maidir le gabhálacha a dhoiciméadú, go háirithe chun críche faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír; agus**

**(d) íosmhéideanna tagartha caomhnúcháin a shocrú chun cosaint a áirithiú do na hóg-orgánaigh mhuirí.**

# CAIBIDIL [...] XX3
# RÉIGIÚNÚ

*Airteagal **[...]** **XX4***

**An comhar réigiúnach**

1. Beidh feidhm ag Airteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal **[...]** 9, **[...] in Airteagal 11 agus in Airteagal xx3** den Rialachán seo.

2. Chun críche mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit sin ag a bhfuil leas díreach bainistíochta moltaí comhpháirteacha a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 den chéad uair tráth nach déanaí ná dhá mhí dhéag tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus ina dhiaidh sin, dhá mhí dhéag tar éis gach meastóireachta ar an bplean a thíolacfar i gcomhréir le hAirteagal 17. Féadfaidh siad na moltaí sin a thíolacadh freisin nuair a mheasfaidh na Ballstáit lena mbaineann gur gá sin, go háirithe i gcás athrú tobann ar staid aon cheann de na stoic a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis. Ní mór gach moladh comhpháirteach i ndáil leis na bearta a bhaineann le bliain féilire ar leith a thíolacadh **[...]** a luaithe a chuirfear ar fáil iad **[...]** le linn na bliana roimhe sin.

3. Beidh na cumhachtuithe a dheonaítear faoi Airteagal 9**,** **[...]** Airteagal 11 **agus Airteagal xx3** den Rialachán seo gan dochar do na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún faoi fhorálacha eile de dhlí an Aontais, lena n-áirítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

# CAIBIDIL IX
# FORÁLACHA NÓS IMEACHTA

*Airteagal 18*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9**,** **[...]** in Airteagal 11 **agus in Airteagal xx3** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a ullmhú maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 9**,** **[...]** in Airteagal 11 **agus in Airteagal xx3** a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula ndéanfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[2].

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 9 agus Airteagal 11 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

# CAIBIDIL X
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal XX5*

**Tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh**

**Measfar bearta scoir shealadaigh a ghlactar chun cuspóirí an phlean a shroicheadh mar scor sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta chun críocha phointe (a) agus phointe (c) d'Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014.**

[2] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le reachtóireacht níos fearr.

*Airteagal 19*

**Aisghairmeacha**

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 agus Rialachán (CE) Uimh. 676/2007.

2. Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

*Airteagal 20*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**IARSCRÍBHINNÍ**

**[…]**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle**

**<u>IARSCRÍBHINN I</u>**

**<u>Spriocbhásmhaireacht iascaireachta</u>**

**(dá dtagraítear in Airteagal 4)**

**1. Grúpa 1**

| **Stoc** | **Spriocraon básmhaireachta iascaireachta i gcomhréir le huastáirgeacht inbhuanaithe a shroicheadh ($F_{UTI}$)** | |
|---|---|---|
| | **Colún A** | **Colún B** |
| Trosc sa Mhuir Thuaidh | 0.22 – 0.33 | 0.33 – 0.49 |
| Cadóg | 0.25 – 0.37 | 0.37 – 0.52 |
| Leathóg sa Mhuir Thuaidh | 0.13 – 0.19 | 0.19 – 0.27 |
| Liúdar | **[...] <u>0.21</u> – [...] <u>0.36</u>** | **[...] <u>0.36</u>– [...] <u>0.49</u>** |

| | | |
|---|---|---|
| Sól sa Mhuir Thuaidh | 0.11 – 0.20 | 0.20 – 0.37 |
| Sól Kattegat | 0.19 – **[...]** **<u>0.23</u>** | **[...]** **<u>0.23</u>** – 0.26 |
| Faoitín sa Mhuir Thuaidh | **[...]** ***<u>p.m</u>*** | **[...]** ***<u>p.m</u>*** |
| **<u>Láimhíneach i Muircheantar IIIa agus i bhFolimistéir IV agus VI</u>** | ***<u>p.m</u>*** | ***<u>p.m</u>*** |
| **<u>Séacla</u> [...]<u>Artach i Muircheantair IVa Thoir agus IIIa</u> [...]** | ***<u>p.m</u>*** | ***<u>p.m</u>*** |

2. Grúpa 2

| **Aonad feidhmiúil (AF) ghliomach na hIorua** | **Spriocraon básmhaireachta iascaireachta i gcomhréir le huastáirgeacht inbhuanaithe a shroicheadh ($F_{UTI}$) (mar ráta saothraithe)** | |
|---|---|---|
| | **Colún A** | **Colún B** |
| Muircheantar IIIa AF 3 agus 4 | 0.056 – 0.079 | 0.079 – 0.079 |
| Farn Deeps AF 6 | 0.07 – 0.081 | 0.081 – 0.081 |
| Fladen Ground AF 7 | 0.066 – 0.075 | 0.075 – 0.075 |
| Linne Foirthe AF 8 | 0.106 – 0.163 | 0.163 – 0.163 |
| Linne Mhoireibh AF 9 | 0.091 – 0.118 | 0.118 – 0.118 |
| **Botney Gut-Silver Pit AF 5** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Noup AF 10** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Norwegian Deeps AF 32** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Horn's Reef AF 33** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Devil's Hole AF 34** | ***p.m*** | ***p.m*** |

## IARSCRÍBHINN II

## Pointí tagartha caomhnúcháin

**(dá dtagraítear in Airteagal 7)**

**1. Grúpa 1**

| **Stoc** | **Pointe tagartha íosta do bhithmhais stoic sceite (i dtonaí) (UTI $B_{spreagphointe}$)** | **Pointe tagartha don teorainn bithmhaise (i dtonaí) ($B_{teorainn}$)** |
|---|---|---|
| | **Colún A** | **Colún B** |
| Trosc sa Mhuir Thuaidh | 165 000 | 118 000 |
| Cadóg | 88 000 | 63 000 |
| Leathóg sa Mhuir Thuaidh | 230 000 | 160 000 |
| Liúdar | **[...] 150 000** | 106 000 |
| Sól sa Mhuir Thuaidh | 37 000 | 26 300 |
| Sól Kattegat | 2 600 | 1 850 |
| Faoitín sa Mhuir Thuaidh | **[...] *p.m*** | **[...] *p.m*** |
| **Láimhíneach i Muircheantar IIIa agus i bhFolimistéir IV agus VI** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Séacla [...]Artach i Muircheantair IVa Thoir agus IIIa [...]** | ***p.m*** | ***p.m*** |

**2. Grúpa 2**

| **Aonad feidhmiúil ghliomach na hIorua** | **Pointe tagartha don íosluach flúirse (i milliúin) (Flúirse$_{maolánach}$)** | **Pointe tagartha don teorainn flúirse (i milliúin) (Flúirse$_{teorainn}$)** |
|---|---|---|
| | **Colún A** | **Colún B** |
| Muircheantar IIIa AF 3 agus 4 | Neamhbhainteach | Neamhbhainteach |
| Farn Deeps AF 6 | 999 | 858 |
| Fladen Ground AF 7 | 3583 | 2767 |
| Linne Foirthe AF 8 | 362 | 292 |
| Linne Mhoireibh AF 9 | 262 | 262 |
| **Botney Gut-Silver Pit AF 5** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Noup AF 10** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Norwegian Deeps AF 32** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Horn's Reef AF 33** | ***p.m*** | ***p.m*** |
| **Devil's Hole AF 34** | ***p.m*** | ***p.m*** |